Cuntas Leithreasa 2015

# Vóta 22

# An tSeirbhís Chúirteanna

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta le haghaidh Vóta 22, tá dualgas orm, gach bliain, chun an Cuntas Leithreasa don Vóta a réiteach, agus chun an Cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an riachtanais sin, d’ullmhaigh mé an cuntas atá ceangailte den mhéid a caitheadh sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2015 maidir le tuarastail agus costais na Seirbhíse Cúirteanna agus na Cúirte Uachtaraí, na hArd-Chúirte, na Cúirte Coiriúla Speisialta, na Cúirte Cuarda agus na Cúirte Dúiche agus roinnt mionseirbhísí eile nach ndéantar a ghearradh ar an Lárchiste.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2015, lena n-áirítear an tsuim a d’fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí i gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Tá barrachas €1.14 milliún faoi dhliteanas lena thabhairt suas don Státchiste.

Tá an Ráiteas ar Bheartais agus Prionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1-6 mar chuid den chuntas.

## An Ráiteas ar Bheartais agus Prionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na beartais agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le Cuntais Leithreasa i bhfeidhm agus an Cuntas seo á ullmhú seachas na nithe seo a leanas:

***Dímheas***

Déantar sócmhainní caipitiúla a dhímheas ar bhonn líne dhíreach thar a saolré ionchais mheasta ag tosú sa mhí inar cuireadh i bhfeidhm iad.

Déantar foirgnimh a dhímheas ar ráta 2% sa bhliain ar bhonn líne dhíreach.

Luacháiltear foirgnimh chúirte tar éis go ndéantar iad a dhílsiú sa tSeirbhís Chúirteanna. Bunaítear an luacháil ar luachanna margaidh mhaoin tráchtála sa cheantar. In éagmais luachála agus sa chás gur athchóiríodh foirgneamh, déantar na foirgnimh siúd a chaipitliú ar chostas, go dtí an tráth sin a thugtar faoi luacháil.

## An Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm a chinntiú go ndéanann an tSeirbhís Chúirteanna córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú. Feidhmítear an fhreagracht seo i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus mo dhualgais eile mar Phríomh-Oifigeach Feidhmiúcháin. Anuas air sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh dearbhú réasúnta seachas iomlán a thabhairt go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta agus go gcuirtear i dtaifead iad i gceart agus go gcoisctear earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha nó go mbraithfí iad ar bhealach tráthúil. Próiseas leanúnach atá sa chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh a choimeád agus déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras agus ar a éifeachtacht.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm ina bhfuil na gnéithe a leanas:

- sannadh freagrachtaí airgeadais agus freagracht chomhfhreagrach ar leibhéal bainistíochta
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal sa chás gur sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais
- tá nósanna imeachta foirmiúla i bhfeidhm chun laigí suntasacha rialaithe a thuairisciú agus gníomh ceartúcháin cuí a chinntiú.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta***

Deimhním go bhfuil creatlach nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear leithdheighilt dualgas agus córas tairmligin agus freagrachta agus, go háirithe

- tá córas cuí buiséadta ann ag a bhfuil buiséad bliantúil ar a ndéanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithniú leanúnach
- déanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais a thugann feidhmíocht airgeadais le fios i leith na dtuartha
- Oibrítear córas bainistíochta riosca laistigh den tSeirbhís Chúirteanna
- tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
- tá na treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus na dísciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadal ann.

Cinntíonn an tSeirbhís Chúirteanna go bhfuil díriú cuí ar dhea-chleachtas i gceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm le comhlíonadh gach treoirlíne ábhartha a chinntiú. Tá an tSeirbhís Chúirteanna comhlíontach seachas i gcás cúig chonradh ar luach €524,585. Síneadh na conarthaí seo thar dháta an chonartha bhunúil gan tabhairt faoi sholáthar iomaíoch agus ní bhfuarthas athbhreithniú neamhspleách roimh an gcaiteachas amhail a cheanglaítear faoi Chiorclán 40/2002. Cuirfidh an tSeirbhís Chúirteanna conarthaí i bhfeidhm do roinnt de na seirbhísí seo i rith 2016 agus déanfaidh sí idirchaidreamh leis an Oifig um Sholáthar Rialtais chun aon chreataí/chonarthaí a úsáid atá á gcur i bhfeidhm. Maidir le roinnt seirbhísí, braitheann an tSeirbhís Chúirteanna ar chreataí láraithe chun tarraingt anuas a dhéanamh uathu. I rith 2015, bhí earra eile ann a bhain le creat láraithe ar a raibh luach €460,551 a síneadh thar fhad an bhunchonartha i ngeall ar mhoill a bhí ar thosú feidhme an chreata láraithe.

***An Coiste Iniúchóireachta***

Deimhním go bhfuil Coiste Iniúchóireachta sa tSeirbhís Chúirteanna. Fochoiste de Bhord na Seirbhíse Cúirteanna is ea an Coiste. Is é ról an Choiste chun maoirsiú, comhairle agus tacaíocht a sholáthar don Bhord agus don Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin/Oifigeach Cuntasaíochta trí athbhreithniú a dhéanamh ar chuimsitheacht na ndearbhuithe ar réimse ábhar, lena n-áirítear iomláine na rialuithe inmheánacha airgeadais. Oibrítear an Coiste Iniúchóireachta faoi chairt scríofa agus déanann sé tuairisc a chur faoi bhráid Bhord na Seirbhíse Cúirteanna gach bliain. Anuas air sin, déanann siad athbhreithniú agus maoirsiú ar an gclár bliantúil oibre Iniúchta Inmheánaigh.

***Iniúchadh Inmheánach***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí sa tSeirbhís Chúirteanna ag a bhfuil an pearsanra ar ar cuireadh an oiliúint chuí, a oibríonn i gcomhréir le cairt scríofa. Cuireann anailís ar na rioscaí airgeadais a bhfuil an tSeirbhís nochta dóibh faisnéis ar fáil d'obair an Choiste, agus tá a phleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí bunaithe ar an anailís seo. Tá sé d'aidhm ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chuimsiú ar bhonn rollach thar thréimhse réasúnta. Déanaimse agus an Coiste Iniúchóireachta athbhreithniú tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí. Chuir mé nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go leantar le tuarascálacha na feidhme iniúchta inmheánaigh.

***Seirbhísí comhroinnte***

Tá mo chuid freagrachtaí comhlíonta agam maidir le ceanglais an Chomhaontaithe Bainistíochta Seirbhíse idir an tSeirbhís Chúirteanna agus Lárionad Seirbhísí Comhroinnte, Cill Airne, chun seirbhísí comhroinnte airgeadais a sholáthar, agus idir an Oifig Náisiúnta Seirbhísí Comhroinnte chun seirbhísí acmhainní daonna agus seirbhísí párolla a sholáthar.

Braithim ar litreacha dearbhaithe ó na hOifigigh Chuntasaíochta ábhartha de na Vótaí siúd go bhfeidhmítear na rialuithe cuí nuair a bhíonn seirbhísí comhroinnte á soláthar don tSeirbhís Chúirteanna.

**Brendan Ryan**
Oifigeach Cuntasaíochta
An tSeirbhís Chúirteanna

30 Márta 2016

## An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 22 An tSeirbhís Chúirteanna

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithghabhála do Vóta 22 An tSeirbhís Chúirteanna don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2015 faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an cuntas san fhoirm a forordaíodh ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, de réir na mbeartas cuntasaíochta caighdeánacha agus na bprionsabal do chuntais leithghabhála.

***Freagracht an Oifigigh Chuntasaíochta***

De réir Ailt 22 an Achta um Ranna Státchiste agus Iniúchta 1866, tá iachall ar an Oifigeach Cuntasaíochta an cuntas leithghabhála a ullmhú. De réir an dlí, ní mór an cuntas a chur faoi mo bhráid faoi 31 Márta tar éis deireadh na bliana cuntais.

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach freisin as cumhdach na gcistí poiblí agus na réadmhaoine sin atá faoina smacht, as an éifeachtacht agus as an mbarainneacht riaracháin sa Seirbhís Chúirteanna agus as rialtacht agus geanas gach idirbhirt sna cuntais leithreasa.

***Freagracht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste***

Tá iachall orm faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993 iniúchadh a dhéanamh ar chuntais leithghabhála gach Vóta agus na tástálacha sin a chur i gcrích a measaim iad a bheith cuí do chuspóir an iniúchta.

Tar éis críochnú iniúchadh cuntais leithghabhála, tá iachall orm teastas a sholáthar a dhearbhaíonn más amhlaidh, i mo thuairim féin, go léiríonn an cuntas go cuí na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an Vóta. Tá iachall orm freisin tagairt a dhéanamh d'aon chás ábhartha mar

- ar theip ar roinn nó ar oifig caiteachas a chur i bhfeidhm a taifeadadh sa chuntas do na cuspóirí a bhí i gceist leis na leithreasuithe a rinneadh ag an Oireachtas, nó
- nach gcloíonn na hidirbhearta a taifeadadh sa chuntas ag cloí leis an údarás faoina maíonn siad a bheith curtha i gcrích.

Faoi Alt 3 (10) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993, tá iachall orm tuarascáil a ullmhú gach bliain, faoi aon cheisteanna a eascraíonn as m'iniúchadh ar an gcuntas leithghabhála.

***Scóip an iniúchta***

Áirítear mar chuid d'iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, fianaise a bhaineann le hábhar do shuimeanna agus do rialtacht na n-idirbheart airgeadais atá san áireamh sa chuntas chomh maith le measúnú i dtaca leis an gceist ar cloíodh le forálacha cuntasaíochta *Ghnáthaimh Airgeadais Phoiblí* na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Tá i gceist leis an iniúchadh dóthain fianaise a fháil le ráthaíocht réasúnta a sholáthar go bhfuil an cuntas leithghabhála saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chaimiléireacht nó mírialtacht nó earráid eile. Déanaim iarracht freisin fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Agus an tuairim iniúchta á cur in iúl, déantar measúnú faoi leordhóthanacht iomlán chur i láthair na faisnéise sa chuntas leithghabhála.

***Tuairim faoin gcuntas leithghabhála***

I mo thuairimse, léiríonn an cuntas leithghabhála go cuí fáltais agus caiteachas Vóta 22 An tSeirbhís Chúirteanna don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2015.

Tá an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad faighte agam a measaim iad a bheith riachtanach do chuspóirí m'iniúchta. I mo thuairimse, coimeádadh leabhair chuí chuntais ag an tSeirbhís Chúirteanna. Réitíonn an cuntas leithghabhála leis na taifid chuntasaíochta.

**Soláthar neamhiomaíoch**

Dírím aird ar an nochtadh sa Ráiteas Rialaithe Airgeadais Inmheánaigh ar na tosca ina ndearnadh seirbhísí ar luach a sholáthar le linn 2015 gan na treoirlínte soláthair a chomhlíonadh.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

16 Lúnasa 2016

# Vóta 22 An tSeirbhís Chúirteanna

## Cuntas Leithreasa 2015

| | | 2015 | | 2014 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Caiteachas clár** | | | | |
| A | Na Cúirteanna a bhainistiú agus tacú leis na breithiúna | 107,965 | 107,112 | 105,399 |
| | **Ollchaiteachas** | **107,965** | **107,112** | **105,399** |
| | *Lúide* | | | |
| B | **Leithreasaí i gcabhair** | **47,815** | **48,097** | **48,797** |
| | **Glanchaiteachas** | **60,150** | **59,015** | **56,602** |

**Barrachas atá le tabhairt suas**

Tá barrachas na suime a soláthraíodh a sháraigh an ghlansuim a caitheadh faoi dhliteanas lena thabhairt suas don Státchiste.

| | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Barrachas lena thabhairt suas | 1,135,706 | 1,429,334 |

**Anailís ar chaiteachas riaracháin**

| | | 2015 | | 2014 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| i | Tuarastail, pánna agus liúntais | 50,019 | 48,907 | 47,139 |
| ii | Taisteal agus cothabháil | 2,663 | 2,893 | 2,912 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha | 6,106 | 5,631 | 5,761 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 2,291 | 2,680 | 2,275 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF | 5,067 | 7,032 | 6,237 |
| vi | Costais áitreabh na hoifige | 14,676 | 15,003 | 13,681 |
| vii | Seirbhísí sainchomhairleoireachta agus luach ar airgead agus athbhreithnithe beartais | 100 | 69 | 76 |
| | | 80,922 | 82,215 | 78,081 |

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## 1 Ráiteas ar Chostas Oibríochta 2015

| | Nóta | | 2015 | 2014 |
|---|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| Costas clár | | | 24,896 | 27,318 |
| Pá | | | 48,907 | 47,139 |
| Neamhphá | | | 33,309 | 30,942 |
| **Ollchaiteachas** | | | **107,112** | **105,399** |
| *Lúide* | | | | |
| **Leithreasaí i gcabhair** | | | **48,097** | **48,797** |
| **Glanchaiteachas** | | | **59,015** | **56,602** |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitiúla** | | | | |
| Ceannach airgead tirim | | (389) | | |
| Dímheas | | 6,888 | | |
| | | | 6,499 | 5,938 |
| **Athruithe ar shócmhainní faoi fhorbairt** | | | | |
| Íocaíochtaí airgid thirim | | | (1,780) | (2,038) |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | | |
| Méadú ar fhabhruithe deiridh | | 1,034 | | |
| Laghdú ar stoc | | 11 | | |
| | | | 1,045 | 586 |
| **Caiteachas díreach** | | | **64,779** | **61,088** |
| **Caiteachas a tabhaíodh in áiteanna eile** | | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí comhghaolmhara | 1.1 | | 41,641 | 38,260 |
| Measchíosanna | | | 3,365 | 3,342 |
| **Glanchostas clár** | | | **109,785** | **102,690** |

**1.1 Glanseirbhísí Comhghaolmhara**

Is éard atá sa ghlanchaiteachas ar sheirbhísí comhghaolmhara na suimeanna measta a leanas i dtaca le Vóta 22 a tabhaíodh in áiteanna eile.

| | | 2015 | 2014 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| **Vóta:** | | | |
| Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | m | 180 | 150 |
| Vóta 12 Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | m | 8,108 | 7,495 |
| Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí | m | 1,094 | 1,003 |
| Vóta 18 Seirbhísí Comhroinnte | m | 78 | — |
| Vóta 20 an Garda Síochána | m | 178 | 187 |
| Vóta 24 Dlí agus Cirt agus Comhionannas – Ionad Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais | m | 293 | 460 |
| An Lárchiste – Tuarastail agus pinsin bhreithiúnacha | m | 31,710 | 28,965 |
| | | 41,641 | 38,260 |

Tugann “m” le fios gurb ionann an uimhir agus luach meastacháin nó costas cionroinnte.

## 2 An Clár Comhardaithe amhail an 31 Nollaig 2015

| | Nóta | 2015<br>€000 | 2014<br>€000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní caipitil** | 2.2 | 211,828 | 215,100 |
| **Sócmhainní caipitil faoi fhorbairt** | 2.3 | 743 | 1,870 |
| | | **212,571** | **216,970** |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| An Banc agus airgead tirim | 2.4 | 1,557 | 898 |
| Stoic | 2.5 | 213 | 224 |
| Réamhíocaíochtaí | | 1,730 | 2,213 |
| Ioncam fabhraithe | | 2,500 | 1,787 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.6 | 1,407 | 2,092 |
| **Sócmhainní iomlána reatha** | | **7,407** | **7,214** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Costais fhabhraithe | | 3,749 | 2,164 |
| Iarmhéideanna sochair eile | 2.7 | 2,827 | 2,460 |
| Glandliteanas leis an Státchiste | 2.8 | 137 | 530 |
| **Dliteanais iomlána reatha** | | **6,713** | **5,154** |
| **Glansócmhainní Reatha** | | **694** | **2,060** |
| **Glansócmhainní** | | **213,265** | **219,030** |
| **Arna léiriú ag:** | | | |
| **An cuntas um chistiú stáit** | 2.1 | **213,265** | **219,030** |

| **2.1 An Cuntas um Chistiú Stáit** | **Nóta** | | **2015** | **2014** |
|---|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | | | 219,030 | 204,177 |
| Íocaíochtaí amach ón Vóta | | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 60,150 | | |
| Barrachas lena thabhairt suas | Cuntas | (1,136) | | |
| Glanvóta | | | 59,014 | 56,602 |
| Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áiteanna eile | 1 | | 41,641 | 38,260 |
| Caiteachas neamhairgid - measchíos | 1 | | 3,365 | 3,342 |
| Earraí neamhairgid eile | | | — | 21,542 |
| Sócmhainní caipitil faoi fhorbairt | | | — | (2,203) |
| Glanchostas clár | 1 | | (109,785) | (102,690) |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig** | | | **213,265** | **219,030** |

**2.2 Sócmhainní Caipitil**

| | Talamh agus foirgnimh | Trealamh TF agus oifige | Troscáin agus feistis | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | | | |
| Costas nó luacháil amhail an 1 Eanáir 2015 | 249,998 | 40,210 | 31,982 | 322,190 |
| Breisiúcháin | 2,098 | 1,157 | 361 | 3,616 |
| Diúscairtí | — | (101) | — | (101) |
| Costas nó luacháil amhail an 31 Nollaig 2015 | 252,096 | 41,266 | 32,343 | 325,705 |
| **Dímheas carnach** | | | | |
| Iarmhéid tosaigh amhail an 1 Eanáir 2015 | 39,800 | 37,868 | 29,422 | 107,090 |
| Dímheas don bhliain | 4,846 | 1,014 | 1,028 | 6,888 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | — | (101) | — | (101) |
| Dímheas carnach amhail ag 31 Nollaig 2015 | 44,646 | 38,781 | 30,450 | 113,877 |
| **Glansócmhainní amhail ag 31 Nollaig 2015** | **207,450** | **2,485** | **1,893** | **211,828** |
| **Glansócmhainní amhail ag 31 Nollaig 2014** | **210,198** | **2,342** | **2,560** | **215,100** |

Tá na cúig fhoirgneamh san áireamh le talamh agus foirgnimh sna láithreacha a leanas: - Béal an Átha Móir, Biorra, Buiríos Uí Chéin, Béal Átha hAmhnais agus Béal Átha na Muice, ar a bhfuil costas iomlán €2.015 milliún. Sainaithníodh na foirgnimh seo le haghaidh diúscartha.

Áirítear leis an bhfigiúr maidir le talamh agus foirgnimh, chomh maith, trí láithreán le haghaidh forbairt amach anseo ar a bhfuil glanluach leabhar €1.25 milliún, de bhreis ar thrí theach cúirte nach bhfuil in úsáid faoi láthair ar a bhfuil glanluach leabhar €2.795 milliún.

Foráiltear in alt 26 den Acht um Sheirbhís Chúirteanna, 1998 d'aistriú an teidil dhlíthiúil maidir le talamh agus foirgnimh chuig an tSeirbhís Chúirteanna. Rinneadh Teach Cúirte an Mhuilinn gCearr, atá anois mar chuid de bheart CPP na Seirbhíse Cúirteanna, a dhílsiú in 2015 agus is ionann anois líon na bhfoirgneamh dílsithe agus 42. Níor luacháladh aon fhoirgnimh in 2015. Tá sé fhoirgneamh ar feitheamh luachála faoi láthair. Sráid Washington, Cill Chainnigh, an Clochán, Cill Mhantáin, Tulach Mhór agus an tAonach. In éagmais luachála agus sa chás gur athchóiríodh foirgneamh, déantar na foirgnimh siúd a chaipitliú ar chostas, go dtí an tráth sin a thugtar faoi luacháil. D'fhostaigh an tSeirbhís Chúirteanna an Oifig Luachálacha chun tabhairt faoi luachálacha ar na foirgnimh thuas.

**2.3 Sócmhainní Caipitil faoi Fhorbairt**

| | Tionscadail tógála | Feidhmchláir ríomhaire | Iomlán |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Suimeanna a tugadh anonn amhail an 1 Eanáir 2015 | 1,262 | 608 | 1,870 |
| Íocaíochtaí airgid thirim don bhliain | 845 | 935 | 1,780 |
| Arna aistriú chuig clár na sócmhainní | (2,098) | (809) | (2,907) |
| Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2015 | 9 | 734 | 743 |

| **2.4 Banc agus Airgead Tirim** | **2015** | **2014** |
|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Iarmhéideanna agus airgead an PMG | 586 | (360) |
| Cuntais bhainc thráchtála [a] | 971 | 1,258 |
| | 1,557 | 898 |

[a] Léiríonn an nochtadh i dtaobh cuntais bhainc thráchtála thuas iarmhéideanna na gcuntas bainc a bhaineann leis an Státchiste atá á gcoimeád ag an tSeirbhís Chúirteanna an 31 Nollaig gach bliain.

Ní áirítear le Nóta 2.4 thuas an t-iarmhéid cuntais €7.9 milliún (€7.5 milliún in 2014) ina bhfuil cistiú neamh-Státchiste, go príomha, a bhaineann le lóisteálacha cothabhála faoi dhlí teaghlaigh, lóisteálacha airgead bannaí agus fáltais bhosca déirce.

Chomh maith leis sin, coimeádann oifigí na Cúirte Cuarda líon cuntais bhainc nach n-áirítear le Nóta 2.4. Bhí iarmhéid €12,496 sna cuntais seo amhail an 31 Nollaig 2015. Dúnfar na cuntais seo in 2016.

| **2.5 Stoic** | **2015** | **2014** |
|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Páipéarachas | 138 | 172 |
| Tomhaltáin | 39 | 32 |
| Ilghnéitheach | 36 | 20 |
| | 213 | 224 |

| **2.6 Iarmhéideanna Dochair Eile** | **2015** | **2014** |
|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Réamhíocaíochtaí leis an OPW | 942 | 1,115 |
| Cuntas fionraí párolla (Pá-chonair) | 211 | 745 |
| Aisghabháil tuarastal | 85 | 86 |
| Earraí fionraí fiachais eile | 157 | 137 |
| Óinchistí | 12 | 9 |
| | 1,407 | 2,092 |

| **2.7 Iarmhéideanna Sochair Eile** | **2015** | **2014** |
|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Suimeanna a bhí dlite don Stát | | |
| Cáin Ioncaim | 1,013 | 723 |
| Cáin Shiarchoinneálach Seirbhísí Gairmiúla | 30 | 21 |
| Cáin Bhreisluacha | 21 | 51 |
| Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasta | 380 | 283 |
| Cuntais bhainc thráchtála [a] | 971 | 1,062 |
| | 2,415 | 2,140 |
| Asbhaintí párolla a coimeádadh ar fionraí | 411 | 318 |
| Earraí eile fionraí creidmheasa | 1 | 2 |
| | 2,827 | 2,460 |

[a] Féach “a” thuas ag Nóta 2.4

| **2.8 Glandliteanas leis an Státchiste** | **2015** | **2014** |
|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| | | |
| Barrachas lena thabhairt suas | 1,136 | 1,429 |
| Deontas an Státchiste nár tarraingíodh | (999) | (899) |
| Glandliteanas leis an Státchiste | 137 | 530 |
| | | |
| **Arna léiriú ag:** | | |
| | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| An Banc agus airgead tirim | 1,557 | 898 |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 1,407 | 2,092 |
| | 2,964 | 2,990 |
| | | |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (2,415) | (2,140) |
| Iarmhéideanna sochair: fionraí | (412) | (320) |
| | (2,827) | (2,460) |
| | | |
| | 137 | 530 |

| **2.9 Ceangaltais** | | **2015** | **2014** |
|---|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | | **€000** | **€000** |
| | | | |
| **(a) Ceangaltais dhomhanda** | | | |
| A.2.(v) | TFC | 3,719 | 4,784 |
| A.2. (vi) | Léasanna | 26,115 | 30,572 |
| | Iasacht athchóirithe le haghaidh theach cúirte Shráid Washington [a] | 3,355 | 3,906 |
| | | 33,189 | 39,262 |

[a] Nochtar príomhghné na hiasachta seo faoi nóta 2.9(b) – ceangaltais ilbhliantúla chaipitil.

**(b) Ceangaltais Ilbhliantúla chaipitil**

| | Caiteachas carnach a fhad leis an 31 Nollaig 2014 | Caiteachas in 2015 | Ceangaltais tionscadail i mblianta dá eis sin | Caitheamh ionchasach iomlán i rith shaolré an tionscadail in 2015 | Caitheamh ionchasach iomlán i rith shaolré an tionscadail in 2014 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Tionscadal** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| Iasacht athchóirithe le haghaidh theach cúirte Shráid Washington | 10,285 | 1,072 | 13,643 | 25,000 | 25,000 |

**(c) Costas caipitiúil an tionscadail Chomhpháirtíochta Príobháidí Poiblí**

| | Caiteachas carnach a fhad leis an 31 Nollaig 2014 | Caiteachas in 2015 | Ceangaltais atá infhorfheidhmithe le dlí atá le comhlíonadh i mblianta ina dhiaidh seo | Iomlán an tionscadail 2015 | Iomlán an tionscadail 2014 |
|---|---|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| Coimpléasc na gCúirteanna Coiriúla | 38,109 | 4,501 | 134,487 | 177,097 | 177,097 |

**2.10 Dliteanais Aibithe**

Ní raibh aon dliteanais aibithe neamhscaoilte ann ag deireadh na bliana, ná sa bhliain roimhe sin.

## 3 Caiteachas Clár de réir Fotheidil

| | | 2015 | 2015 | 2014 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **A** | **Na Cúirteanna a Bhainistiú agus Tacú leis na Breithiúna** | | | |
| A.1 | Riarachán - pá | 50,019 | 48,907 | 47,139 |
| A.2 | Riarachán - neamhphá | 30,903 | 33,309 | 30,942 |
| A.3 | Tithe cúirte (oibreacha caipitiúla) | 4,880 | 4,602 | 4,456 |
| A.4 | Costais CPP | 22,163 | 20,294 | 22,862 |
| | | **107,965** | **107,112** | **105,399** |

**Athraithigh shuntasacha**

Ar an iomlán, bhí an t-ollchaiteachas maidir leis an gclár €0.853m ní b'ísle ná mar a soláthraíodh. Bhí seo go príomha mar thoradh ar an méid a leanas:

| Cur Síos | Níos lú/(níos mó) ná mar a soláthraíodh<br>€000 | Míniú |
|---|---|---|
| Riarachán – pá | 1,112 | Bhí an gannchaitheamh i ngeall ar an moill a bhí ar chead tarmligthe a fháil ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, ónar eascair moilleanna ar phoist fholmha a líonadh. |
| Riarachán – neamhphá | (2,406) | Bhí an t-athrúchán seo mar thoradh, go príomha, ar ró-chaitheamh €1.7 milliún ar TFC. Ba é leithdháileadh 2015 do TFC €4.8 milliún. Baineann an ró-chaitheamh le roinnt tionscadail ríthábhachtacha TFC faoinar tugadh in 2015 maidir le hAcht na bhFíneálacha (Íocaíochtaí agus Aisghabháil), 2014, Ríomhcheadúnú agus an Chúirt Achomhairc, anuas ar cheangaltais chonarthacha TFC. |
| Teach cúirte (oibreacha caipitiúla) | 278 | Baineann an gannchaitheamh le huainiú íocaíochtaí shonraisc can OPW a bhaineann leis an mBeart CPP nua seacht dteach cúirte inar iontráladh i Nollaig 2015. |
| Costais CPP | 1,869 | Tá costais CPP, maidir le foirgneamh na gCúirteanna Breithiúnais Coiriúla, sách seasta ach tá roinnt soláthairtí conarthacha ann ar gá measúnú a dhéanamh orthu sula ndéantar íocaíocht. Dá thoradh, féadfaidh uainiú beacht íocaíochtaí a bheith éagsúil ó bhliain go bliain agus d'eascair ganncaitheamh as seo in 2015. Bhain cúis eile a bhí leis an nganncaitheamh le haisíocaíocht árachais a bhí dlite in 2015. |

# 4 Fáltais

**4.1 Leithreasaí i gcabhair**

| | | | 2015 | 2014 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Measta** | **Réadaithe** | **Réadaithe** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| 1. | Táillí | 43,493 | 44,136 | 44,302 |
| 2. | Ilghnéitheach | 1,742 | 1,288 | 1,869 |
| 3. | Fáltais ó asbhaint phinseanbhainteach ar luach saothair na seirbhíse poiblí | 2,580 | 2,673 | 2,626 |
| | **Iomlán** | 47,815 | 48,097 | 48,797 |

**Míniú ar athraithigh shuntasacha**

Cuirtear míniú ar fáil thíos i gcás gach fotheidil ina raibh an toradh éagsúil ón méid measta de bhreis ar €100,000, agus de bhreis ar 5%.

| **Fotheideal** | **Níos lú/(níos mó) ná mar a soláthraíodh €000** | **Míniú** |
|---|---|---|
| Ilghnéitheach | 454 | Is deacair a thuar, bliain ar bhliain, ioncam ilghnéitheach mar gheall go mbraitheann sé ar go leor athrúchán agus ar uainiú fáltas. Anuas air sin, in 2014, b'ann d'fháltas mór aonuaire €0.423 milliún maidir le haisghabháil costais dlí agus eile a thabhaigh an tSeirbhís Chúirte mar thoradh ar chás eadráin a ghlac an tSeirbhís. |

**4.2 Fáltais bhreise atá iníoctha leis an Státchiste**

| | | 2015 | 2014 |
|---|---|---|---|
| | **Measta** | **Réadaithe** | **Réadaithe** |
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | — | — | — |
| Fíneálacha an Achta um Thrácht ar Bhóithre [a] | 7,032 | 6,734 | 6,889 |
| Fíneálacha eile [a] | 4,000 | 4,217 | 4,234 |
| Fáltais eile [b] | — | 94 | 158 |
| An t-iomlán a aistríodh chuig an Státchiste | (11,032) | (11,045) | (11,281) |
| Iarmhéid amhail an 31 Nollaig | — | — | — |

[a] Bíonn fáltais fíneálacha lasmuigh de smacht na Seirbhíse Cúirteanna den chuid is mó agus braitheann siad ar ghearradh fíneálacha ag na Cúirteanna, agus forfheidhmiú ag an nGarda Síochána.

[b] Tá cistí á gcoimeád ag Oifig Chuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais ón gCuntas Leachtaithe Cuideachtaí ar feadh seacht mbliana sula n-íoctar iad leis an Roinn Airgeadais. Baineann fáltais 2015 le cistí a lóisteáladh in 2008. B'ionann iarmhéid iomlán na gcistí a bhí á gcoimeád ag Oifig Chuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais an 31 Nollaig 2015 agus €1.86 milliún.

**4.3 Fíneálacha agus táillí a bailíodh thar ceann Ranna eile**

Rinneadh íocaíochtaí díreacha leis na ranna/gníomhaireachtaí rialtais a leanas maidir le fíneálacha agus táillí a bhailigh an tSeirbhís Chúirteanna thar a gceann in 2015.

| | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | — | — |
| Na Coimisinéirí Ioncaim | | |
| Fíneálacha na gCoimisinéirí Ioncaim [a] | 1,633 | 1,885 |
| Dleacht Máil [b] | 5,033 | 5,150 |
| An Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha | 25 | 19 |
| An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia | 775 | 216 |
| An t-iomlán a aistríodh | (7,466) | (7,270) |
| Iarmhéid amhail an 31 Nollaig | — | — |

[a] Baineann an t-airgead a bailíodh le fíneálacha cúirte a ghearrtar nuair is iad na Coimisinéirí Ioncaim an t-ionchúisitheoir.

[b] Baineann an t-airgead a bailíodh le táillí ar roinnt iarratais ar cheadúnú, ar nós uaireanta oscailte a shíneadh agus orduithe díolúine speisialta a fhaigheann an tSeirbhís Chúirteanna thar ceann na gCoimisinéirí Ioncaim.

# 5 Líonta agus Pá Fostaithe

| | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| **Líon na foirne amhail dheireadh na bliana** (coibhéisí lánaimseartha) | 948 | 927 |

| | 2015 €000 | 2014 €000 |
|---|---|---|
| Pá | 44,938 | 43,328 |
| Liúntas níos airde, speisialta nó dualgas breise | 39 | 32 |
| Liúntais eile | 1,000 | 1,045 |
| Ragobair | 274 | 236 |
| ÁSPC Fostóra | 2,656 | 2,498 |
| **Pá iomlán** | **48,907** | **47,139** |

**5.1 Liúntais agus Íocaíochtaí Ragoibre**

| | Líon faighteoirí | Faighteoirí €10,000 nó níos mó | Íocaíocht uasta aonair 2015 € | Íocaíocht uasta aonair 2014 € |
|---|---|---|---|---|
| Dualgais níos airde, speisialta nó bhreise | 23 | — | 7,041 | 4,200 |
| Liúntais eile | 272 | 10 | 19,585 | 19,585 |
| Ragobair | 136 | 6 | 18,164 | 20,861 |
| Líon na ndaoine aonair a fuair luach saothair breise i mbreis agus catagóir amháin. | 355 | 23 | 22,715 | 22,778 |

**5.2 Socruithe Eile Luach Saothair**

Íocadh €26,836 ar an iomlán, in 2015 le cúigear státseirbhíseach ar scor a raibh pinsin státseirbhíse á bhfáil acu a bhí fostaithe ar feadh tréimhse ghearr le linn 2014 agus 2015. Is éard atá sa tsuim seo suim €21,086 sa phárolla agus suim €5,750 i dtaisteal agus cothabháil. Cuireadh riail lacáiste an phinsin i bhfeidhm i gcomhréir le hAlt 52 den Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012.

**5.3 Costais Aisghafa**

Forchúitíodh costais tuarastail €812,178 ó Bhinsí agus ó Ranna Rialtais maidir le comhaltaí foirne a bhí ar iasacht.

**5.4 Ró-íocaíochtaí Tuarastail**

B'ionann ró-íocaíochtaí ag deireadh na bliana agus €42,622 (37 cás) (2014: €58,606, 53 cás). As seo, tá pleananna aisghabhála i bhfeidhm ag €21,021 (19 cás).

# 6 Ilghnéitheach

**6.1 Costais dlí**

| | Líon na gcásanna | Costais dlí a d'íoc an Roinn | Cúiteamh a rinneadh a dhámhachtain | Costais dlí a rinneadh a dhámhachtain | 2015 Iomlán | 2014 Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Éilimh ag muintir an phobail** | 51 | — | 56 | 248 | 304 | 380 |
| | | _ | 56 | 248 | 304 | 380 |

B'ionann na híocaíochtaí iomlána maidir le costais dlí tríú páirtí agus €303,953. Áiríodh leo seo costais a bhain le himeachtaí athbhreithnithe bhreithiúnaigh, áit a raibh an tSeirbhís Chúirteanna ina páirtí leis na himeachtaí siúd agus b'ionann na híocaíochtaí maidir le gníomhartha ar dhéileáil an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát leo agus €63,623.

**6.2 Beart CPP na Seirbhíse Cúirteanna**

In Iúil 2012, d'fhógair an Rialtas pacáiste infheistíochta lena n-áirítear na seacht dtionscadal teach cúirte a leanas: Loch Garman, an Muileann gCearr, Port Láirge, Luimneach, Corcaigh, Leitir Ceanainn agus Droichead Átha. D'iontráil an tSeirbhís Cúirteanna i gconradh leis an rogha tairgeora i Nollaig 2015.

**6.3 Díscríobh agus Soláthairtí Fiachais**

I rith 2015, dhíscríobh Vóta 22 €52,949 i ndáil le hearráidí riaracháin mar seo a leanas:

| | Fiachais a Díscríobhadh | | Gluaiseacht sa soláthar | |
|---|---|---|---|---|
| | 2015 | 2014 | 2015 | 2014 |
| | €000 | €000 | €000 | €000 |
| Earráidí riaracháin | 53 | 1 | — | — |
| Iomlán | 53 | 1 | | |

Baineann €45,340 den díscríobh le hearráid aistrithe sonraí a tharla in 2003 ina ndearnadh íocaíochtaí athfhillteacha go hearráideach le Coimircí Cúirte. Rinne an tSeirbhís Chúirteanna gach iarracht chun an t-airgead dá dtagraítear thuas a aisghabháil agus tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm aici lena chinntiú nach dtarlaíonn an saghas seo earráide arís.